Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 23 Márta 2022
(OR. en)

7478/22

ENER 99
ENV 265
COMPET 176
TRANS 171
CONSOM 69
IND 86
ECOFIN 254

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 23 Márta 2022 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 138 final |
| Ábhar: | TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE EORPACH, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA, AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN<br>Slándáil an tsoláthair agus praghsanna fuinnimh inacmhainne: Roghanna maidir le bearta láithreacha agus ullmhúchán a dhéanamh don gheimhreadh seo chugainn |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 138 final.

---

Faoi iamh: COM(2022) 138 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 23.3.2022
COM(2022) 138 final

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE EORPACH, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA, AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN**

# Slándáil an tsoláthair agus praghsanna fuinnimh inacmhainne: Roghanna maidir le bearta láithreacha agus ullmhúchán a dhéanamh don gheimhreadh seo chugainn

GA GA

**RÉAMHRÁ**

Le 12 mhí anuas, tá méadú ag teacht ar phraghsanna miondíola gáis nádúrtha agus leictreachais, méadú 65 % agus 30 % faoi seach. Tá ionradh na Rúise ar an Úcráin ag cur le hábhair imní maidir le soláthar sa staid dheacair seo agus tá luaineacht na bpraghsanna níos measa dá bharr. Tá praghsanna arda fuinnimh ag cur leis an mboilsciú agus ag déanamh dochar do gheilleagar na hEorpa agus ag dul i bhfeidhm ar théarnamh na hEorpa ó ghéarchéim COVID-19.

Mar chuid den fhreagairt ar an staid eisceachtúil sin, i mí Dheireadh Fómhair 2021, ghlac an Coimisiún Eorpach **sraith straitéisí i gcomhair gníomhaíochta agus tacaíochta**[1] chun an tionchar ar thomhaltóirí agus ar ghnólachtaí ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát a mhaolú. Chabhraigh bearta tacaíochta spriocdhírithe chun costais fuinnimh a laghdú do thomhaltóirí, do theaghlaigh agus do thionscail, rud a chabhraigh leis an mbrú a mhaolú.

An 8 Márta 2022, tugadh treoir bhreise do na Ballstáit sa **Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le REPowerEU[2]** i ndáil leis an mbealach chun an méadú ar phraghsanna leictreachais do theaghlaigh agus do ghnólachtaí a mhaolú, agus maidir leis an gcaoi le leas a bhaint as an ardbhrabús a thuilleann roinnt táirgeoirí leictreachais chun na bearta sin a mhaoiniú. Chun córas fuinnimh níos inbhuanaithe a áirithiú, molfaidh an Coimisiún i mí na Bealtaine plean chun deireadh a chur de réir a chéile le spleáchas na hEorpa ar bhreoslaí iontaise ón Rúis agus athléimneacht an chórais fuinnimh ar fud an Aontais a mhéadú san am céanna.

In **Versailles an 10-11 Márta 2022**, chomhaontaigh ceannairí an Aontais[3] deireadh a chur, a luaithe is féidir, le spleáchas an Aontais ar ghás, ola agus gual na Rúise agus d'iarr siad ar an gCoimisiún plean a chur chun cinn chun slándáil an tsoláthair agus praghsanna inacmhainne fuinnimh a áirithiú le linn an chéad séasúr geimhridh eile faoi dheireadh mhí an Mhárta. San am céanna, gheall ceannairí an Aontais aghaidh a thabhairt go práinneach ar roghanna nithiúla agus machnamh a dhéanamh orthu, ag cur le Teachtaireacht an 8 Márta 2022, chun déileáil leis an tionchar atá ag praghsanna méadaithe fuinnimh ar ár saoránaigh agus ar ár ngnólachtaí, go háirithe ár saoránaigh leochaileacha agus ár FBManna, lena n-áirítear ag an gcéad chruinniú eile den Chomhairle Eorpach an 24-25 Márta 2022.

Is freagairt í an Teachtaireacht seo ar ghlao na gceannairí. Léiríonn sé na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le roghanna eisceachtúla gearrthéarmacha nithiúla chun srian a chur le méaduithe gan smacht ar phraghsanna. Moltar ann freisin comhghníomhaíochtaí Eorpacha chun aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna na faidhbe sa mhargadh gáis d'fhonn cinnteacht an tsoláthair a áirithiú ag praghsanna réasúnta don gheimhreadh seo chugainn agus níos faide anonn. Chuige sin, cheadódh comhpháirtíochtaí AE le tríú tíortha ceannacháin chomhchoiteanna gáis agus hidrigine. Ar deireadh, is é is aidhm do thogra le haghaidh beartas stórála gáis Eorpach athléimneacht an chórais fuinnimh ar fud an Aontais a fheabhsú.

[1] *Communication on tackling rising energy prices: a toolbox for action and support* (níl leagan Gaeilge ann), COM (2021) 660 final, (13.10.2021)


[2] Teachtaireacht maidir le REPowerEU: Gníomhaíocht chomhpháirteach Eorpach ar mhaithe le fuinneamh níos inacmhainne, níos sláine agus níos inbhuanaithe, COM(2022) 108 final, (8.3.2022)

[3] 20220311-versailles-declaration-en.pdf

**ROGHANNA CHUN AGHAIDH A THABHAIRT AR THIONCHAR PRAGHSANNA ARDA LEICTREACHAIS AR SHAORÁNAIGH AGUS AR GHNÓLACHTAÍ**

Tá roinnt roghanna maidir le bearta éigeandála chun tionchar praghsanna arda leictreachais a theorannú curtha chun cinn ag na Ballstáit, ag páirtithe leasmhara agus sa dioscúrsa acadúil. Is é is aidhm dóibh faoiseamh a thabhairt do thomhaltóirí deiridh, ach gan cuspóirí uileghabhálach an Chomhaontaithe Ghlaise a shaobhadh san fhadtéarma, lena n-áirítear dícharbónú agus éifeachtúlacht fuinnimh. Chun go n-éireoidh leo, ní mór na roghanna eisceachtúla sealadacha agus spriocdhírithe sin a bheith inláimhsithe ó thaobh buiséid de agus níor cheart dóibh dochar a dhéanamh do chinnteacht an tsoláthair ná do chothroime iomaíochta sa mhargadh inmheánach.

Is féidir na roghanna gearrthéarmacha maidir le praghas an leictreachais a ghrúpáil go ginearálta in dhá chatagóir:



***Roghanna idirghabhála lena n-áirítear cúiteamh airgeadais***

Is é is aidhm do na roghanna sin praghsanna leictreachais a ísliú, go díreach ó thaobh an mhiondíola de nó go hindíreach ar an margadh mórdhíola.

*Taobh an mhiondíola*

Is é is aidhm do na roghanna sin éifeachtaí na bpraghsanna arda ar thomhaltóirí deiridh a mhaolú agus ligean do mhargaí leictreachais agus gáis na hEorpa an praghas a shocrú ar an leibhéal mórdhíola. I gcomhréir le sraith straitéisí an Choimisiúin i mí Dheireadh Fómhair[4], tá bearta géarchéime den sórt sin tugtha isteach ag 26 Bhallstát.

Laistigh de na bearta sin, díríonn tacaíocht dhíreach d'úsáideoirí deiridh leochaileacha an chabhair dóibh siúd is mó gátar agus is féidir le státchabhair cabhrú le gnólachtaí atá ag streachailt le praghsanna iomarcacha fuinnimh. Tacóidh an **Creat Géarchéime Sealadaí nua um Státchabhair**[5], a glacadh an 22 Márta, lena gcumasófar tacaíocht do ghnóthais a bhfuil tionchar díreach nó indíreach acu i bhfoirm deontas díreach teoranta, tacaíochta leachtachta agus cabhrach le haghaidh costais mhéadaithe gáis agus leictreachais.

Tá rátaí laghdaithe CBL do ghás, leictreachais agus/nó téamh ceantair curtha i bhfeidhm ag formhór na mBallstát. Mar sin féin, **níl leas iomlán á bhaint fós as a lán roghanna, go háirithe faoi chuimsiú na Treorach maidir le Cánachas Fuinnimh[6], lena n-áirítear rátaí laghdaithe nó díolúintí do theaghlaigh.**

Féachann an Coimisiún ar threoir a chur ar fáil do na Ballstáit maidir leis an mbealach is fearr chun an leas is fearr a bhaint as an gcreat dlíthiúil, lena n-áirítear maidir le maoluithe spriocdhírithe a bhaineann go sonrach le tír faoi leith faoin Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh[7] chun saobhadh ar an Margadh Aonair a sheachaint.

Is é is aidhm do na roghanna uile ar thaobh an mhiondíola faoiseamh díreach a thabhairt do shaoránaigh agus do ghnólachtaí. Má úsáidtear ioncam níos airde ó cháin fuinnimh agus ó phraghsáil carbóin nó ó bhrabúis neamhghnácha roinnt cuideachtaí fuinnimh, is féidir bearta spriocdhírithe agus sealadacha den sórt sin a mhaoiniú chun tacú le teaghlaigh agus gnólachtaí leochaileacha[8].

*Taobh mórdhíola*

Is féidir leis na Ballstáit smaoineamh ar **mhúnla comhiomlánaithe** a chur ar bun faoina gceannódh eintiteas leictreachas ar théarmaí fabhracha tráchtála agus é a chur ar fáil do chatagóirí áirithe tomhaltóirí atá faoi bhun phraghas an mhargaidh a thabhairt ar aghaidh ó

4 COM(2021) 660 final, (13.10.2021)

5 *Communication on Temporary Crisis Framework for State Aid measures to support the economy following the aggression against Ukraine by Russia*, C(2022)1890 final, (23.3.2022) (níl leagan Gaeilge ann)

6 Treoir 2003/96/CE ón gComhairle an 27 Deireadh Fómhair 2003 lena ndéantar athstruchtúrú ar an gcreat Comhphobail le haghaidh cáin a ghearradh ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas (IO L 283, 31.10.2003, lch. 51)

7 I gcomhréir le hAirteagal 19(1).

8 Faigheann roinnt gineadóirí leictreachais (inframarginal) brabúis iomarcacha ó na praghsanna leictreachais an-ard faoi láthair.. Is féidir cáin a ghearradh ar na cíosanna iomarcacha sin nó iad a aisghlámadh ar bhonn sealadach i gcomhréir leis an treoir a thíolaic an Coimisiún an 8 Márta (féach COM(2022) 108 final, (8.3.2022)).

thaobh na mbuntáistí a thabhairt do na tomhaltóirí, lena ndéanfaí an difríocht idir praghsanna miondíola níos ísle agus cinn mhórdhíola níos airde a fhóirdheonú go bunúsach.

Bheadh **idirghabháil dhíreach i bhfeidhmiú na margaí mórdhíola leictreachais i gceist le roghanna eile.** Is éard atá i gceist leo **gineadóirí leictreachais atá bunaithe ar iontaise ó thaobh airgeadais de a chúiteamh** as cuid dá gcostais urghnácha ardbhreosla ionas go laghdóidh siad an praghas tairgthe sa mhargadh mórdhíola nó go ndéanfaidh siad **uasteorainn dhíreach a chur leis an bpraghas leictreachais sa mhargadh mórdhíola** trí thagarmharc tagartha a bhunú agus an difríocht leis an bpraghas atá á thairiscint a chúiteamh.

Bheadh sé d'aidhm ag na roghanna sin laghdú a dhéanamh ar an tionchar diúltach a bheadh ag praghsanna gáis an-ard ar an margadh mórdhíola leictreachais. Baineann a bpríomh-mhíbhuntáistí leis an gcostas fioscach a bhaineann leo, le saobhadh iomaíochta a d'fhéadfadh a bheith ann, leis na rioscaí don trádáil trasteorann agus, dá bhrí sin, le cinnteacht an tsoláthair leictreachais, a bhfuil a mhéid ag brath ar dhearadh na roghanna sin.

*Roghanna rialála gan cúiteamh fioscach*

Is éard atá i gceist leis na roghanna sin **uasteorainn rialála a bhunú don phraghas uasta** ar féidir le gineadóirí bunualaigh áirithe a ghearradh. Cé go dtiocfadh laghdú ar na costais san fhadtéarma leis an rogha seo, is é a breisluach sa ghearrthéarma aghaidh a thabhairt ar bhrabúis iomarcacha teicneolaíochtaí áirithe.

Baineann príomh-mhíbhuntáistí na roghanna sin le dúshláin cur chun feidhme toisc go dteastódh rochtain ar fhaisnéis maidir le costas agus ioncam do na gineadóirí nach mbeadh rochtain ag eintitis phoiblí orthu agus dúshláin dlí a d'fhéadfadh a bheith ann. Spreagfaidís éiginnteacht rialála freisin, mar d'fhéadfadh na roghanna sin deireadh a chur le roinnt dreasachtaí d'infheistíochtaí príobháideacha i bhfuinneamh in-athnuaite, ar dreasachtaí iad atá ríthábhachtach chun ár spriocanna fadtéarmacha a bhaint amach, is é sin córas fuinnimh atá athléimneach, inbhuanaithe agus slán.

**Déantar na roghanna go léir a chur i láthair agus a anailísiú ar bhealach níos mionsonraithe san Iarscríbhinn.**

Bunaithe ar an measúnú sin, **measann an Coimisiún nach bhfuil aon fhreagra éasca amháin ann chun dul i ngleic leis na praghsanna arda leictreachais** i bhfianaise éagsúlacht na gcásanna i measc na mBallstát. Níl roinnt roghanna oiriúnach ach do chomhthéacsanna náisiúnta ar leith. San am céanna, i gcás roinnt idirghabhálacha, bheadh gá le reachtaíocht AE agus/nó cur chuige comhchoiteann ar leibhéal an Aontais le go mbeadh sé éifeachtach agus nach ndéanfadh sé dochar don mhargadh inmheánach agus do shlándáil an tsoláthair. Baineann costais agus míbhuntáistí leo ar fad, lena n-áirítear maidir le feidhmiú an mhargaidh aonair.

## SOLÁTHAR GÁIS AG COSTAS RÉASUNTA A ÁIRITHIÚ DON CHÉAD GHEIMREADH EILE AGUS INA DIAIDH SIN

Cé go dtugann go leor roghanna atá curtha chun cinn sa díospóireacht phoiblí aghaidh ar na hairíonna, is é an **margadh gáis is bunchúis leis na praghsanna arda leictreachais atá ann**

**faoi láthair**. Is é an praghas ard gáis is cúis le praghas ard leictreachais an lae inniu, ós rud é gurb iad gineadóirí gás-bhunaithe fós na soláthraithe fuinnimh atá ag teacht isteach i margadh an leictreachais chun an t-éileamh iarbhír a dhúnadh. Sa spotmhargadh gáis, tá luaineacht ard agus níl sí nasctha go hiomlán le bunphrionsabail.

Is rogha é **uasteorannú nó modhnú a dhéanamh ar phraghas an gháis** trí mhodhanna rialála, ós rud é go mbeadh tionchar láithreach aige ar leibhéil na bpraghsanna. Is féidir a thabhairt le fios go bhfuil sé tábhachtach nach n-íocfaidh an AE aon phraghas ar ghás ach níor cheart idirghabháil den sórt sin a bheartú ach mar rogha dheireanach, ós rud é go bhfuil roinnt míbhuntáistí ag baint leis ó thaobh chinnteacht an tsoláthair gáis de.

**Leis an séasúr athlíonta gáis ag tosú anois, tá sé práinneach go dtiocfar ar chomhaontú maidir le straitéis choiteann.** De bharr chomhthéacs reatha na bpraghsanna arda agus na margaí diana gáis tá athlíonadh stórála níos deacra don chéad gheimhreadh eile. Is den riachtanas comhghiaráil an Aontais a úsáid chun allmhairí gáis a dhaingniú sna coinníollacha is fearr is féidir ionas nach ndéanfaidh na Ballstáit tairiscint i gcoinne a chéile i gcás na soláthairtí céanna.

Is láidre an tAontas as a bheith ag obair i gcomhar Ba cheart **don Aontas gníomhú go comhpháirteach chun leas a bhaint as a chumhacht sa mhargadh trí chomhpháirtíochtaí caibidlithe le soláthróirí.**

Tá an Coimisiún réidh chun **Tascfhórsa maidir le ceannacháin choiteanna gáis ar leibhéal an Aontais a chruthú**. Trí éileamh a chomhthiomsú, d’éascódh agus neartódh an Tascfhórsa for-rochtain idirnáisiúnta an AE ar sholáthraithe GNL agus ar sholáthraithe gáis, d’fhonn allmhairí gáis agus GNL a mbeadh praghas maith orthu a áirithiú roimh an ngeimhreadh seo chugainn. Is fearr is féidir leis an AE GNL, gás agus hidrigin a áirithiú ar phraghsanna inacmhainne ó thríú tíortha sa ghearrthéarma, má bhíonn sé rannpháirteach leis na tíortha sin ar bhonn fadtéarmach, comhpháirtíochtaí gáis in-athnuaite fadtéarmacha a bhunú lena leagfaí síos an bonn d’allmhairí hidrigine sa todhchaí.

Dá bhrí sin, ullmhóidh an Tascfhórsa an bealach do **chomhpháirtíochtaí fuinnimh** le príomhsholáthraithe GNL, gáis agus hidrigine i réigiún na Meánmhara, lenár gcomhpháirtithe san Afraic, agus sa Mheánoirthear agus sna Stáit Aontaithe chomh maith.

Bheadh ionadaithe na mBallstát ar Bhord Stiúrtha ag tacú leis an Tascfhórsa. Bheadh comhfhoireann chaibidlíochta faoi stiúir an Choimisiúin ag plé le soláthróirí gáis. Bheadh sé bunaithe ar an taithí a fuarthas ó phaindéim COVID-19, áit a raibh gníomhaíocht ar fud an Aontais ríthábhachtach chun soláthairtí leordhóthanacha vacsaíní a ráthú do chách.

Chuirfeadh an Tascfhórsa úsáid éifeachtúil bhonneagar gáis an AE chun cinn freisin, go háirithe críochfoirt GNL, mar aon le saoráidí stórála agus píblínte.

Trí stóráil gáis leordhóthanach a líonadh, tabharfar cosaint áirithe do chustaiméirí na hEorpa ar rioscaí ganntanais soláthair agus ar aon bhriseadh a d’fhéadfadh a bheith ann trí chobhsaíocht áirithe a chur ar fáil. Sin an fáth a molann an Coimisiún **beartas stórála gáis Eorpach**, comhbheartas coiteann agus straitéiseach, a chuirfí chun feidhme trí chomhghníomhaíocht chomhordaithe agus comhroinnt ualaigh ar fud na 27 mBallstát. Sna míonna amach romhainn, cuideoidh an Tascfhórsa le stóráil a líonadh roimh an ngeimhreadh i ndlúthchomhar leis an nGrúpa Comhordaithe Gáis.

Tá gá le hiarrachtaí comhchoiteanna chun an **leas is fearr is féidir a bhaint as an mbonneagar stórála atá ann cheana**. Bearta stórála arna ndéanamh i gcomhpháirt seachas ró-infheistíochtaí a sheachaint ina n-aonar ós rud é gur foinse shealadach fuinnimh é an gás agus gur cheart go mbeadh aon bhonneagar nua inúsáidte le haghaidh foinsí fuinnimh níos glaine, go háirithe maidir le hidrigin.

Chun leibhéal líonta atá ard go leor a ráthú, tá **togra reachtach déanta ag an gCoimisiún maidir le stóráil fuinnimh** arb é is aidhm dó a áirithiú go líonfar an bonneagar stórála atá ann cheana suas go dtí **90 % ar a laghad dá dtoilleadh faoin 1 Samhain gach bliain;** Is féidir sprioc a choigeartú le himeacht ama má thagann athrú ar an staid eacnamaíoch agus gheopholaitiúil, chomh maith leis an athrú ar chinnteacht an tsoláthair fuinnimh. Agus staid sonrach na bliana seo á haithint, beidh sprioc níos ísle 80 % agus conair sholúbtha ann chun cur i bhfeidhm réidh a áirithiú. Ba cheart do na Ballstáit beart a dhéanamh cheana féin chun a áirithiú go mbeidh stóráil leordhóthanach ann don gheimhreadh seo chugainn, rud a bheidh mar réamh-mheas ar an togra reachtach.

**Tá an dlúthpháirtíocht ríthábhachtach.** Is árachas é comhstóráil gáis a théann chun tairbhe do gach duine, agus ba cheart do gach duine rannchuidiú leis ar bhealach cothrom. Is ar an gcúis sin gur cheart do na Ballstáit gan stóráil rannchuidiú leis na leibhéil líonta stórála i mBallstáit eile agus mar mhalairt go dtéann cinnteacht an tsoláthair níos fearr chun tairbhe dóibh. Áirithítear leis an sásra comhroinnte ualaigh atá leabaithe sa togra go ndéanfar costais chinnteacht an tsoláthair a leithdháileadh go cothrom i measc na mBallstát uile de réir mar a bhaineann siad uile tairbhe as, a bhuí le margadh fuinnimh an Aontais, na rioscaí go gcuirfear isteach ar an soláthar a laghdú, beag beann ar an áit ina bhfuil an stóráil lonnaithe san Aontas. Cuireann an sásra sin leis na comhaontuithe dlúthpháirtíochta ar cheart iad a thabhairt i gcrích gan mhoill chun gur féidir gás a roinnt go héifeachtach i gcás éigeandála faoi mar a moladh i mí na Nollag 2021[9]. Tá trédhearcacht agus faireachán ar an dul chun cinn i dtreo an sprioc líonta a bhaint amach chomh tábhachtach céanna. Déanfaidh an Grúpa Comhordaithe Gáis faireachán ar an dul chun cinn a dhéanfar maidir leis an sprioc a líonadh agus déanfaidh sé gníomhaíochtaí iomchuí a mheas chun leanúint den iarracht stórála a líonadh más gá.

Ar deireadh, ós rud é go bhfuil an bonneagar stórála gáis ríthábhachtach do shlándáil an Aontais, cuirfear na cosaintí riachtanacha ar fáil le **deimhniú** na n-oibreoirí stórála i gcoinne rioscaí a bhaineann le húinéireacht ó oibreoirí tríú tíortha ó thaobh shlándáil an tsoláthair de.

## CONCLÚIDÍ

Leis na roghanna chun déileáil leis an tionchar atá ag praghsanna méadaithe fuinnimh ar ár saoránaigh agus ar ár ngnólachtaí, arna gcur i láthair sa pháipéar seo, cumhdaítear idirghabhálacha éigeandála faoi cheangal chun an t-ardú ar phraghsanna fuinnimh a theorannú, rud nár cheart cuspóirí fadtéarmacha an Mhargaidh Ghlais a chur i mbaol, ná feidhmiú an Mhargaidh Aonair Is piléar airgid é aon cheann díobh agus tá buntáistí agus míbhuntáistí ag baint leo go léir.

[9] Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na margaí inmheánacha le haghaidh gáis in-athnuaite agus nádúrtha agus hidrigin (athmhúnlú) COM(2021) 804 final, (15.12.2021)

Tá géarghá leis an ardú ar phraghsanna fuinnimh a choimeád agus soláthar leordhóthanach gáis a áirithiú don gheimhreadh seo chugainn agus ina dhiaidh sin. Is é an rogha is fearr feidhmiú mar AE27, i dteannta a chéile le cur chuige comhordaithe, chun costais a shábháil agus giaráil ár nirt chomhpháirtigh a úsáid.

Sa mheántéarma, tá gá le réitigh níos struchtúrtha, lena n-áirítear idirnaisc chun an margadh fuinnimh a chomhtháthú go hiomlán, fuinneamh in-athnuaite i bhfad níos mó, bearta éifeachtúlachta fuinnimh agus éagsúlú an tsoláthair fuinnimh chun spleáchas a sheachaint. Cuirfidh plean REPowerEU dlús le bearta a thabhairt isteach maidir leis na réimsí sin uile. Leagfaidh an Coimisiún síos a **phlean mionsonraithe REPowerEU i mí na Bealtaine.** Sa chomhthéacs sin, tá an Coimisiún réidh freisin plean coigiltis fuinnimh uile-Aontais a mholadh.

Le feidhmiú céimneach REPowerEU, ní mór creat rialála an Aontais a chur in oiriúint do sciar mór níos mó fuinnimh in-athnuaite sa mheascán fuinnimh i gcomhréir le spriocanna uaillmhianacha dícharbónaithe an Aontais. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar na roghanna chun **dearadh an mhargaidh leictreachais a bharrfheabhsú faoi mhí na Bealtaine**. Leis an gcleachtadh sin, breathnófar ar mheasúnú deiridh Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (ACER) ar na sochair agus na míbhuntáistí a bhaineann le dearadh mhargadh leictreachais an Aontais, agus ar ranníocaíochtaí eile ar fheidhmiú mhargadh an leictreachais[10].

Le himeacht ama, trí dhlús a chur le glacadh foinsí inathnuaite fuinnimh agus tomhaltas fuinnimh níos éifeachtúla a spreagadh, mar aon le beartas stórála Eorpach agus éagsúlú soláthair trí dhul i dteagmháil níos comhordaithe le soláthróirí iontaofa, cuirfear réitigh struchtúracha ar fáil chun rochtain ar fhuinneamh inacmhainne a áirithiú.

Leis na roghanna agus na tograí a leagtar amach sa pháipéar seo, iarrtar ar na Ballstáit uile brath ar an neart is fearr atá ag an Eoraip: Aontacht agus dlúthpháirtíocht.

Iarrtar ar na ceannairí ag Comhairle Eorpach an 2022 Márta treoir a thabhairt le dul ar aghaidh leis an obair ar leibhéal an Choimisiúin agus ar an leibhéal reachtach chun cinnteacht an tsoláthair agus praghsanna inacmhainne fuinnimh a áirithiú anois, don gheimhreadh seo chugainn agus níos faide anonn.

[10] . D'fhéadfadh roinnt gnéithe de na roghanna atá beartaithe le haghaidh idirghabhálacha gearrthéarmacha, amhail acmhainn nua a sholáthar trí chonarthaí déthreo difríochta nó trí shamhail an chomhbhailitheora a úsáid, an bealach a réiteach d'athruithe a dhéanfar amach anseo ar dhearadh fadtéarmach margaidh na hEorpa, rud a chuideodh le tomhaltóirí a chosaint i gcoinne luaineacht praghsanna ard sa todhchaí agus athléimneacht mhargadh fuinnimh na hEorpa a mhéadú.